Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/1479

25.7.2025

# CINNEADH (AE) 2025/1479 ÓN gCOIMISIÚN

## an 22 Bealtaine 2025

## lena sonraítear na rannchuidithe *pro rata* le cuspóir an Aontais maidir leis an acmhainneacht insteallta $CO_2$ faoi 2030 ó eintitis a bhfuil údarú acu mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe 3, de Threoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 ([1]), agus go háirithe Airteagal 23(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagail 20(1) agus 23(1) de Rialachán (AE) 2024/1735 go rannchuideoidh eintitis a tháirg gás nádúrtha agus amhola ar chríoch an Aontais idir an 1 Eanáir 2020 agus an 31 Nollaig 2023 leis an sprioc uile-Aontais 50 milliún tona d'acmhainneacht insteallta $CO_2$ a bhaint amach faoi 2030.

(2) Ceanglaíodh ar na Ballstáit, de bhun Airteagal 23(2) de Rialachán (AE) 2024/1735, tuairisciú don Choimisiún faoin 30 Meán Fómhair 2024 maidir leis na heintitis ar dheonaigh siad údaruithe dóibh chun gás nádúrtha agus amhola a tháirgeadh, agus méideanna táirgeachta na n-eintiteas sin idir an 1 Eanáir 2020 agus an 31 Nollaig 2023.

(3) Thuairiscigh na Ballstáit uile faisnéis maidir le gach údarú aonair mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe 3, de Threoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) ar a gcríoch, amhail an t-eintiteas nó na heintitis a bhí i seilbh an údaraithe, méid táirgeachta na n-eintiteas sin le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2023, agus deighilt na méideanna táirgeachta idir na heintitis sin i gcás ina raibh an t-údarú ag níos mó ná eintiteas amháin. Cuireadh an fhaisnéis maidir le húdaruithe in iúl trí úsáid a bhaint as foirm chaighdeánaithe, agus sheol na Ballstáit foirm amháin in aghaidh an údaraithe. Ina theannta sin, sheol roinnt Ballstát an méid táirgeachta comhiomlánaithe le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2023 le haghaidh na n-eintiteas uile a bhfuil údarú amháin ar a laghad acu ar chríoch an Bhallstáit faoi seach.

(4) D'fhíoraigh an Coimisiún iomláine na dtuarascálacha, agus inchomparáideacht na sonraí a soláthraíodh. I gcás inar gá, d'iarr sé ar na Ballstáit aon fhaisnéis a bhí in easnamh a sholáthar agus na sonraí a soláthraíodh a shoiléiriú. I gcás inar sheol na Ballstáit na foirmeacha caighdeánaithe in aghaidh an údaraithe agus an táirgeadh comhiomlánaithe araon in aghaidh an eintitis, bhraith an Coimisiún ar an táirgeadh comhiomlánaithe. I gcás nach raibh na Ballstáit in ann an táirgeadh a ríomh in aghaidh an údaraithe, d'aontaigh an Coimisiún gan brath ach ar an táirgeadh comhiomlánaithe in aghaidh an eintitis. Tar éis don Choimisiún na sonraí táirgeachta ábhartha a fháil ó na Ballstáit uile, rinne sé iad a chrostagairt le foinsí seachtracha, chun táirgeadh iomlán amhola agus gáis nádúrtha an Aontais a chinneadh sa tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2023.

(5) Tar éis na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 23(2) de Rialachán (AE) 2024/1735 a fháil, agus i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1477 ([3]), tá an Coimisiún le méid rannchuidithe na n-eintiteas faoi oibleagáid a shonrú.

([1]) IO L, 2024/1735, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1735/oj.

([2]) Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 1994 maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón (IO L 164, 30.6.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1994/22/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1477 ón gCoimisiún an 21 Bealtaine 2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na rialacha a shonrú maidir le táirgeoirí údaraithe ola agus gáis a shainaithint a gceanglaítear orthu rannchuidiú leis an gcuspóir sprioc an Aontais maidir leis an acmhainneacht insteallta CO2 atá ar fáil a bhaint amach faoi 2030, maidir lena rannchuidithe faoi seach a ríomh, agus maidir lena n-oibleagáidí tuairiscithe (IO L, 2025/1477, 25.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1477/oj).

(6) Dá bhrí sin, is gá don Choimisiún méid na rannchuidithe le cuspóir an Aontais maidir leis an acmhainneacht insteallta $CO_2$ a shonrú faoi 2030 ó na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2024/1735.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 23(4) de Rialachán (AE) 2024/1735, faoin 30 Meitheamh 2025, cuirfidh sealbhóirí an údaraithe plean faoi bhráid an Choimisiúin ina sonrófar go mionsonraithe an chaoi a bhfuil sé beartaithe acu a rannchuidiú le cuspóir an Aontais maidir leis an acmhainneacht insteallta $CO_2$ a bhaint amach faoi 2030. Chun am a thabhairt do shealbhóirí an údaraithe an plean sin a ullmhú agus a chur isteach faoin 30 Meitheamh 2025, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Sealbhóirí an údaraithe arb é a gcomhtháirgeadh amhola agus gáis nádúrtha san Aontas 95 % de mhéid na hamhola agus an gháis nádúrtha a tháirgtear san Aontas sa tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2023, measfar gur eintitis faoi oibleagáid iad. Beidh na heintitis faoi oibleagáid sin faoi réir na n-oibleagáidí rannchuidithe mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 1.

*Airteagal 2*

Sealbhóirí an údaraithe ag a bhfuil méideanna táirgeachta amhola agus gáis nádúrtha arb é 5 % de mhéideanna táirgeachta carnacha an Aontais d'amhola agus gás nádúrtha sa tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2023, measfar gur eintitis faoi oibleagáid iad. Liostaítear na heintitis eisiata sin in Iarscríbhinn 2.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Bealtaine 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN 1*

**Liosta na n-eintiteas faoi oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 1 agus a n-oibleagáidí rannchuidithe faoi seach le cuspóir an Aontais maidir leis an acmhainneacht insteallta $CO_2$ faoi 2030**

| Uimh. | Eintitis faoi oibleagáid | Uimhir chlárúcháin chánach áitiúil | Oibleagáid rannchuidithe maidir leis an acmhainneacht insteallta $CO_2$ oibríochtúil faoi (in aghaidh an mhíle tona in aghaidh na bliana) |
|---|---|---|---|
| 1 | Nederlandse Aardolie Maatschappij B.V. | NL003014861B01 | 6 350 |
| 2 | OMV PETROM SA | RO 1590082 | 5 880 |
| 3 | S.N.G.N ROMGAZ S.A. | RO 14056826 | 4 120 |
| 4 | ORLEN S.A. (poprzednio Polskie Górnictwo Naftowe i Gazownictwo S.A.) | 7740001454 | 4 100 |
| 5 | Eni S.A. | 00484960588 | 3 230 |
| 6 | Wintershall Dea Deutschland GmbH | DE 814756974 | 1 980 |
| 7 | TotalEnergies EP Nederland B.V. | NL001766971B01 | 1 590 |
| 8 | MOL Magyar Olaj- és Gázipari Nyrt. | 10625790-4-44 | 1 560 |
| 9 | SHELL ITALIA E&P | 05160421003 | 1 550 |
| 10 | BlueNord Energy Denmark A/S | 78342714 | 1 340 |
| 11 | Oldenburgische Erdölgesellschaft mbH | DE 204823786 | 1 270 |
| 12 | NAM Offshore B.V. | NL863955058B01 | 1 220 |
| 13 | INA-INDUSTRIJA NAFTE, d.d | OIB-27759560625 | 1 150 |
| 14 | TotalEnergies EP Danmark A/S concessionaire | 22757318 | 1 130 |
| 15 | OMV Austria | ATU57544036 | 960 |
| 16 | Eni Energy Netherlands B.V. | NL001649103B01 | 880 |
| 17 | TOTALENERGIES EP ITALIA | 10569621005 | 830 |
| 18 | Neptune Energy Deutschland GmbH | DE 811127999 | 770 |
| 19 | Nordsøfonden | 29435065 | 730 |
| 20 | BEB Erdgas und Erdöl GmbH & Co. KG | DE 282430970 | 630 |
| 21 | Petrogas E&P Netherlands B.V. | NL007409825B01 | 580 |
| 22 | Nephin Energy Limited | 3514113IH | 550 |
| 23 | ENI MEDITERRANEA IDROCARBURI | 12300000150 | 510 |
| 24 | Vermilion Energy Corrib Ireland Limited | 8249996O | 470 |
| 25 | Rockrose (NL) CS1 B.V. | NL001799782B01 | 450 |
| 26 | Vermilion Energy Netherlands B.V. | NL812927254B01 | 450 |
| 27 | TotalEnergies Denmark ASW, Filial af TotalEnergies Denmark ASW, INC., USA | 53592716 | 440 |
| 28 | MITSUI E&P ITALIA B | 11835991008 | 420 |
| 29 | ENERGEAN ITALY | 10245700967 | 410 |

| Uimh. | Eintitis faoi oibleagáid | Uimhir chlárúcháin chánach áitiúil | Oibleagáid rannchuidithe maidir leis an acmhainneacht instealltа $CO_2$ oibríochtúil faoi (in aghaidh an mhíle tona in aghaidh na bliana) |
|---|---|---|---|
| 30 | Mobil Erdgas und Erdöl GmbH | DE 811140133 | 400 |
| 31 | VERMILION REP | 79410964837 | 390 |
| 32 | Lakocsa Koncessziós Kft. | 25500002-2-44 | 390 |
| 33 | Kistos NL2 B.V. | NL855336717B01 | 370 |
| 34 | Exxonmobil Producing Netherlands B.V. | NL814970175B01 | 330 |
| 35 | ONE-Dyas B.V. | NL008848087B01 | 330 |
| 36 | Vermilion Energy Germany GmbH & Co. KG | DE 292 126 532 | 320 |
| 37 | Wintershall Noordzee B.V. | NL005614260B01 | 310 |
| 38 | TAQA Offshore B.V. | NL814079386B01 | 290 |
| 39 | INEOS Energy (Syd Arne) ApS | 73589118 | 250 |
| 40 | Black Sea Oil & Gas S.A. | RO 21288144 | 250 |
| 41 | INEOS E&P A/S | 73349613 | 250 |
| 42 | Vermilion Energy Ireland Limited | 6602191R | 240 |
| 43 | Dana Petroleum Netherlands B.V. | NL005658214B01 | 170 |
| 44 | B8 Sp. z o.o. BALTIC Sp. k. a. | 5833163579 | 160 |

*IARSCRÍBHINN 2*

**Liosta na n-eintiteas eisiata dá dtagraítear in Airteagal 2**

| Eintitis eisiata |
|---|
| AB „LOTOS Geonafta“ |
| ADX VIE GmbH |
| AIMAG |
| ALPHA METAL OIL AND GAS SRL |
| AMROMCO ENERGY S.R.L. |
| APENNINE ENERGY |
| ARMAX GAZ SA |
| Bendra Lietuvos–Švedijos įmonė uždaroji akcinė bendrovė „Genčių nafta“ |
| BRENT EXPLORATION & PRODUCTION S.R.L. |
| BRIDGE ENERGIES |
| CANOEL ITALIA |
| CEPSA E.P. ESPAÑA, S.L. |
| $CH_4$ LIZZANO |
| CNWL Oil España, S.A.U. |
| Csanád Szénhidrogén Koncessziós Kft. |
| DACIAN PETROLEUM S.A. |
| Danoil Exploration A/S |
| Darany Energy Kft. |
| DNO North Sea (U.K.) Limited |
| EAST WEST PETROLEUM CORPORATION |
| EDISON STOCCAGGIO |
| EMSZ Első Magyar Szénhidrogén Koncessziós Kft. |
| ENERGEAN OIL & GAS S.A |
| ENERGEAN SICILIA |
| ENGAS s.r.o. |
| Eni Energy Participation Netherlands B.V. |
| Folyópart Energia Kft. |
| FORA OIL AND GAS SRL |
| FORAJ SONDE SA - CRAIOVA |
| GAS PLUS DACIA SRL |
| GAS PLUS ITALIANA |
| GAZKOP-1 Sp. z o. o. |
| GAZKOP-WILCHWY Sp. z o.o. |
| GAZONOR BENELUX |

| Eintitis eisiata |
|---|
| Gazprom International UK Ltd |
| GEOENERGO d.o.o. |
| GÉOPÉTROL |
| Green Gas DPB, a.s. |
| HEXUM Földgáz Zrt. |
| HEYCO ENERGY IBERIA SLU |
| HHE DrávaP Koncessziós Kft. |
| HHE Gyulavari Kft. |
| HHE Sarkad Kft. |
| INEOS E&P Siri (UK) Limited |
| IPC PETROLEUM |
| IRMINIO |
| KARBONIA S.A. |
| KMSZ Kelet-Magyarországi Szénhidrogén Koncessziós Kft. |
| LAMA GAS & OIL s.r.o. |
| LAZZI GAS |
| LFDE |
| Lietuvos ir Danijos uždaroji akcinė bendrovė „MINIJOS NAFTA“ |
| LOTOS Petrobaltic S.A. |
| Magyar Földgáztároló Zrt. |
| Magyar Horizont Energia Kft. |
| Mazarine Energy Romania S.R.L. |
| Mercuria Hydrocarbons B.V. |
| MND a.s. |
| Mogyoród Koncessziós Kft. |
| MOL Dráva Szénhidrogén Koncessziós Kft. |
| NAFTA a.s. |
| NAFTA Speicher GmbH & Co. KG |
| O&GD Central Kft. |
| OELWEG |
| OGD Berettyóújfalu Koncessziós Kft. |
| OGD Újléta Koncessziós Kft. |
| Oil and Gas Exploration and Production Plc. |
| OIL AND GAS SKILLS S.A. |
| OILFIELD EXPLORATION BUSINESS SOLUTIONS S.A. |
| ONEO GmbH & Co. KG |
| ORLEN Upstream Sp. z o.o. |

| Eintitis eisiata |
|---|
| Parkmead (E&P) Ltd. |
| PETRO VENTURES RESOURCES SRL |
| Petroceltic Bulgaria EOOD |
| PETROLEUM OIL & GAS ESPAÑA, SA |
| PETROREP ITALIANA S.R.L. IN LIQUIDAZIONE |
| Production North Sea Netherlands Ltd. |
| PSE Kinsale Energy Ltd |
| PSE Seven Heads Ltd |
| PSP d.o.o. |
| PXOG Massey Limited |
| RAFFLES ENERGY SRL |
| RAG Austria AG |
| REP GmbH |
| REPSOL INVESTIGACIONES PETROLÍFERAS, S.A |
| Rhein Petroleum GmbH |
| Rockrose (NL) CS5 B.V. |
| Römermann Insolvenzverwalter Rechtsanwaltsgesellschaft mbH |
| S.C. BRENT OIL S.R.L. |
| S.C. FORAJ SONDE S.A. - VIDELE |
| S.C. HUNT OIL COMPANY OF ROMANIA S.R.L. |
| S.C. Lotus Petrol S.R.L. |
| S.C. MIHOC OIL S.R.L. |
| S.C. NIS PETROL S.R.L. |
| S.C. SERINUS ENERGY S.A. |
| SIM |
| Sociedad de Hidrocarburos de Euskadi, S.A. (SHESA) |
| SOCIETÀ DI SALSOMAGGIORE S.R.L. IN LIQUIDAZIONE |
| SOCIETÀ PADANA ENERGIA |
| SOCOPLUS |
| SPPE |
| Stratum Energy Romania LLC |
| Tápió Szénhidrogén Koncessziós Kft. |
| TARBA ENERGIA, SL |
| Tenaz Energy Netherlands Offshore B.V. |
| Tenaz Energy Netherlands Offshore II B.V. |
| TÉT-3 GÁZKÚT Kft. |
| TXM Olaj- és Gázkutató Kft. |

| Eintitis eisiata |
|---|
| UAB „LL investicijos“ |
| UAB „Manifoldas“ |
| UNION FENOSA GAS EXPLORACION Y PRODUCCION, SA |
| Vermilion Exploration and Production Ireland Limited |
| Vermilion Hungary Battonya-dél Koncessziós Kft. |
| Wintershall Dea International GmbH |
| Wintershall Nordzee B.V. |
| ZENITH RESOURCES SRL |
| ZOK Sp. z o.o. |